# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 24:** *Duilleog*



1548-P K Prendergast Leaf Drawing_

## Eolas maidir leis an saothar ealaíne

Is ealaíontóir Éireannach í Kathy Prendergast a chruthaíonn dealbha, péintéireachtaí agus líníochtaí. Anseo chruthaigh sí líníocht mhionsonraithe de dhuilleog - má chaitheann tú súil ghéar ar an líníocht feicfidh tú na féitheacha beaga (línte) ar fad atá cruthaithe ag Kathy le pastal cailce.

## An féidir leat na ceisteanna thíos a fhreagairt...?

Cén fáth an bhfuil féitheacha le feiceáil i nduilleoga?

Cá háit eile ar féidir leat cruthanna cosúil leis na féitheacha seo a fheiceáil sa dúlra?

Céard a tharlaíonn do na duilleoga san Fhómhar?

Cén fáth?

An bhfuil sé seo tosaithe cheana féin?


## Tráth na gCeist faoi Dhuilleoga

Cé mhéad atá ar eolas agat faoi na duilleoga atá le fáil go coitianta in Éirinn?

An féidir leat na hainmneacha a mheaitseáil leis na duilleoga thíos?

An bhfuil na duilleoga seo ar fad feicthe agat amuigh faoin aer?





## Cuimilteáin Duilleog

Bailigh roinnt duilleog, cruthanna agus méideanna difriúla, ó do ghairdín nó páirc. Faigh do dhuilleog (tirim) agus leag ar phíosa páipéir ionas go bhfuil na féitheacha le feiceáil. Clúdaigh do dhuilleog le píosa páipéir eile agus cuimil an crián ar an duilleog, agus ná húsáid barr an chriáin. Déan an rud céanna le tuilleadh duilleog agus úsáid dathanna difriúla do gach duilleog chun saothar lán dathanna a chruthú.








## Sióga duilleog

Bailigh roinnt duilleog agus rudaí eile (cleití, cipíní, cnónna, bláthanna, luibheanna) ón ngairdín nó páirc agus cruthaigh sióga:

Is féidir leat roinnt daoine cosúil leis na daoine thíos a tharraingt nó [an PDF a phriontáil]() agus a úsáid mar theimpléad.

Gearr amach an carachtar agus leag ar phíosa páipéir eile. Leag nó greamaigh (úsáid gliú nó téip ghreamaitheach) na hábhair nádúrtha chun éadaí, bróga, sciatháin agus ceannbhearta a dhéanamh do na sióga.

Is féidir leat na píosaí nach bhfuil clúdaithe a dhathú agus scéal a chumadh faoi na sióga agus faoin méid a dhéanann siad! Bain taitneamh as!







**Tráth na gCeist faoi Dhuilleoga**

Ar fhreagair tú na ceisteanna ar fad?




---

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**

Gníomhaíochtaí agus léaráidí forbartha ag Hazel Hurley.